C/2026/6034

19.11.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/6034)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Dehesa Peñalba'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-02592-AM02 — 26.8.2026

1. **Ainm an táirge**

'Dehesa Peñalba'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ardstiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an'údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú seo ar shonraíocht táirge ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) Dehesa Peñalba; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach: níl i gceist leis athrú ar an ainm nó ar úsáid an ainm, nó ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gcás fíona; níl an baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

FÍONTA *ROSÉ* A CHUR ISTEACH.

Tuairisc

Áiríodh an cineál nua fíona *rosé* i gCatagóir 1 'Fíon' i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus cumhdaítear é cheana féin leis an tsonraíocht táirge.

Pointí leasaithe: pointí 2, 3, 5 agus 7 den tsonraíocht táirge agus pointí 6, 7.1, 7.2 agus 10 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

ATHRÚ AR AN TEORAINN AR NEART ALCÓIL IOMLÁN NA bhFÍONTA DEARGA.

Tuairisc

Méadaíodh neart alcóil iomlán íosta na bhfíonta dearga de réir toirte ó 12 % go 12,5 % chun go mbeidh sé comhsheasmhach (le méid atá níos mó ná, nó comhionann le) méid an nirt alcóil iarbhír íosta de réir toirte (arb ionann é agus 12,5 %).

Baineann an leasú le pointe 2 den tsonraíocht táirge; ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

ATHRUITHE AR DHÁLAÍ AOSÚCHÁIN.

Tuairisc

Roimh an leasú seo, is mar a leanas a bhí na dálaí aosúcháin: Fíon dearg aonchineálach: i mbairillí darach 225 l ar feadh 12 mhí ar a laghad, agus i gcás na bhfíonta ilchineálacha: Aosaithe i mbairillí darach 225 lítear agus/nó 500 lítear agus/nó i ndabhcha adhmaid 5 000 lítear ar feadh 6-24 mhí ar a laghad.

Mar thoradh ar an leasú seo, tarlaíonn an t-aosú anois i mbairillí darach ina bhfuil toilleadh idir 225 agus 600 lítear, nó i mbairillí adhmaid ina bhfuil toilleadh uasta 5 500 lítear gan an tréimhse a shonrú. I gcás fíonta dearga aonchineálach agus ilchineálach agus i gcás na bhfíonta *rosé* atá tugtha isteach araon.

Leasaíodh Pointe 3 den tsonraíocht táirge agus pointe 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

AN POINTE MAIDIR LE FÍORÚ CHOMHLÍONADH NA SONRAÍOCHTA TÁIRGE A BHAINT

Tuairisc

Scriosadh an roinn seo den tsonraíocht táirge toisc nach gceanglaítear í a thuilleadh leis an dlí.

Baineann an leasú seo le pointe 9 ina iomláine ar pointe é a scriosadh go hiomlán; ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Dehesa Peñalba’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-02592-AM02 — 26.8.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Dehesa Peñalba’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **An tír ina bhfuil an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

FÍONTA DEARGA

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Geal, mar aon le déine datha idir meánach agus ard, in imireacha sa raon ó dhonnrua agus dearg scothchorcra.

Blas

Déine idir measartha agus ard, mar aon le blasanna ar saintréith díobh torthaí (dearg agus/nó dubh) agus/nó torthaí bláthacha agus/nó torthaí balsamacha, chomh maith le blasanna a thugann an próiseas aosaithe i gcás fíonta a thugtar chun cineáil in adhmad (fanaile agus/nó adhmad agus/nó eilimintí tóstáilte agus/nó caramalaithe agus/nó spíosraithe).

Blas

Ba cheart d’fhíonta a bheith cothrom agus ba cheart boladh torthaí (dearg agus/nó dubh) agus/nó torthaí bláthacha agus/nó balsamacha a bheith orthu, in éineacht le blasanna a thugann an próiseas aosaithe d’fhíonta a aosaítear in adhmad (fanaile agus/nó adhmad agus/nó eilimintí tóstáilte agus/nó caramalaithe agus/nó spíosraithe). Bíonn siad meánach go tathagach agus iarbhlas meánach go fada orthu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20,00
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON *ROSÉ*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Tá imireacha orthu sa raon ó chraicinn oinniúin go cuiríní dearga (lena n-áirítear oinniún, bradáin agus cuiríní dearga), agus iad glan agus/nó geal, agus gan cáithníní ar fuaidreamh ann.

Blas

Déine mheánach go hard, lena ngabhann blasanna cineálacha atá sainithe le torthaí (dearg nó dubh), agus/nó blasanna bláthacha agus/nó balsamacha. Nuair a aosaítear na fíonta in adhmad, bíonn fanaile agus/nó blasanna adhmaid agus/nó blasanna tóstáilte agus/nó caramalaithe agus/nó spíosracha ann freisin.

Blas

Fíon meánach go tathagach, iarbhlas meánach, cothromaithe agus úr. Déanann siad dea-bholaithe torthaí (dearga agus/nó dubha) agus/nó dea-bholaithe bláthacha agus/nó balsamacha a chur i gcuimhne. Nuair a aosaítear na fíonta in adhmad, bíonn fanaile agus/nó blasanna adhmaid agus/nó blasanna tóstáilte agus/nó caramalaithe agus/nó spíosracha ann freisin.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12,0
Aigéadacht iomlán íosta:	5,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	15
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Ní mór an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair uasta a bheith mar a leanas:

150 mg/l má tá an méid siúcra iarmharaigh < 2 g/l;

170 mg/l má tá an méid siúcra iarmharaigh idir 2 g agus 5 g/l; agus

200 mg/l má tá an méid siúcra iarmharaigh 5 g/l nó níos mó.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

MODHANNA FÁIS

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar fhíonóireacht

Tuairisc

1. Déantar na fíniúnacha a threilísiú.
2. Is é 2 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir an dlús plandaithe íosta.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

1) Dálaí fíonóireachta

Fíonta dearga óga: pioctar na fíonchaora de láimh, cuirtear i gcrátaí iad agus stóráiltear i bhfuaraitheoir ansin iad chun a dteocht a ísliú go dtí leibhéal idir 5 °C agus 10 °C. Sórtáiltear de láimh ag an mbord roghnúcháin iad agus iompraítear chuig na humair iad le crios iompair (ní úsáidtear aon trealamh caidéalaithe chun na caora a thógáil). Déantar maothú fuar réamhchoipthe (5-10 °C) ar feadh 5-8 lá. Roimh choipeadh malalachtach, aosaítear na fíonta ar an moirt ar feadh 15 lá ar a laghad. Déantar micrea-ocsaiginiú ag ráta dáileoige 15 ml in aghaidh an lítir in aghaidh na míosa ar feadh 3 lá agus 6 ml in aghaidh an lítir in aghaidh na míosa ar feadh 8 lá. Tarlaíonn coipeadh alcólach spontáineach in umair cruach dosmálta. Déantar maothú fadaithe le linn an choipthe agus ina dhiaidh ar feadh 21 lá ar a laghad.

Fíonta dearga aosaithe: pioctar na fíonchaora de láimh, cuirtear i gcrátaí iad agus stóráiltear i bhfuaraitheoir ansin iad chun a dteocht a ísliú go dtí leibhéal idir 5 °C agus 10 °C. Sórtáiltear de láimh ag an mbord roghnúcháin iad agus iompraítear chuig na humair le crios iompair iad (ní úsáidtear aon trealamh caidéalaithe chun na caora a thógáil). Déantar maothú fuar réamhchoipthe (5-10 °C) ar feadh 5-8 lá. Tarlaíonn coipeadh alcólach spontáineach in umair cruach dosmálta. Maothú fada, coipeadh agus iarchoipeadh ar feadh 21 lá ar a laghad. Aosú ar an moirt roimh choipeadh malalachtach ar feadh 15 lá ar a laghad. Déantar micrea-ocsaiginiú ag ráta dáileoige 15 ml in aghaidh an lítir in aghaidh na míosa ar feadh 3 lá agus 6 ml in aghaidh an lítir in aghaidh na míosa ar feadh 8 lá.

Fíonta *rosé* óga: pioctar na fíonchaora de láimh, cuirtear i gcrátaí iad agus stóráiltear i bhfuaraitheoir ansin iad chun a dteocht a ísliú go dtí leibhéal idir 5 °C agus 10 °C. Sórtáiltear de láimh ag an mbord roghnúcháin iad agus iompraítear chuig na humair le crios iompair iad (ní úsáidtear aon trealamh caidéalaithe chun na caora a thógáil). Sainítear an chomhpháirt chineálach trí úsáid a bhaint as na cineálacha Tempranillo agus/nó Syrah agus/nó Merlot. An codán leachtach a dheighilt ó sholaid na bhfíonchaor tar éis 2 uair an chloig nó 3 uair an chloig maothaithe. Aosú ar dhríodar (moirt roimh choipeadh alcólach) ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad. Síothlú chun dríodar a dhíothú (moirt nach bhfuil aon chion alcóil inti). Tarlaíonn coipeadh alcólach spontáineach in umair cruach dosmálta ag teocht idir 14 °C agus 18 °C. Aosú ar an moirt in umair agus/nó *foudres* (dabhcha adhmaid ina bhfuil toilleadh uasta 5 500 l) agus/nó i mbairillí ar feadh 15 lá ar a laghad, agus *bâtonnage* nó suaitheadh na moirte a dhéanamh dhá uair sa tseachtain ar a laghad. Trasdoirteadh agus deighilt ó mhoirt (ina bhfuil cion alcóil).

Fíonta *rosé* aosaithe: pioctar na fíonchaora de láimh, cuirtear i gcrátaí iad agus stóráiltear i bhfuaraitheoir ansin iad chun a dteocht a ísliú go dtí leibhéal idir 5 °C agus 10 °C. Sórtáiltear de láimh ag an mbord roghnúcháin iad agus iompraítear chuig na humair le crios iompair iad (ní úsáidtear aon trealamh caidéalaithe chun na caora a thógáil). Sainítear an chomhpháirt chineálach trí úsáid a bhaint as na cineálacha Tempranillo agus/nó Syrah agus/nó Merlot. An codán leachtach a dheighilt ó sholaid na bhfíonchaor tar éis 2 uair an chloig nó 3 uair an chloig maothaithe. Aosú ar dhríodar (moirt roimh choipeadh alcólach) ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad. Síothlú chun dríodar a dhíothú (moirt nach bhfuil aon chion alcóil inti). Tarlaíonn coipeadh alcólach spontáineach in umair cruach dosmálta ag teocht idir 14 °C agus 18 °C. Aosú ar an moirt in umair agus/nó *foudres* (dabhcha adhmaid ina bhfuil toilleadh uasta 5 500 l) agus/nó i mbairillí ar feadh 60 go 90 lá. Ní mór 85 % ar a laghad de mhéid iomlán na coinsíneachta a bheith i gceist leis an aosú ar an moirt i mbairillí ina bhfuil méid suas go 600 l. Le linn na tréimhse sin, déantar an méid seo a leanas a chur i gcrích: *Bâtonnage* agus/nó suaitheadh na moirte: dhá uair sa tseachtain ar feadh an chéad 30 lá. *Bâtonnage* agus/nó suaitheadh na moirte: uair amháin sa tseachtain go dtí an chéad chéim eile. Trasdoirteadh agus deighilt na moirte (ina bhfuil cion alcóil).

2) Dálaí aosúcháin:

Fíon dearg aonchineálach agus ilchineálach:

— Aosaithe i mbairillí darach ina bhfuil toilleadh idir 225 agus 600 lítear, agus/nó i ndabhcha adhmaid ina bhfuil toilleadh uasta 5 500 lítear.

Fíon *rosé* aonchineálach agus ilchineálach:

— Aosaithe i mbairillí darach ina bhfuil toilleadh idir 225 agus 600 lítear, agus/nó i ndabhcha adhmaid ina bhfuil toilleadh uasta 5 500 lítear.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar fhíonóireacht

Tuairisc

Ní fhéadtar an t-úrfhíon a eastóscadh ach amháin trí bhíthin córais mheicniúla nach ndéanann damáiste do chodanna soladacha an triopaill, ar córais iad ag a bhfuil meánchóimheas uasta fíonchaor is fíon 72 %. Maidir le fíon dearg atá le haosú, ní ceadmhach caidéil a úsáid chun an laíon a iompar chuig na humair.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíon dearg óg agus fíon *rosé* óg

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	8 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíon dearg óg agus fíon *rosé* óg

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	57,60
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíon dearg aosaithe agus fíon *rosé* aosaithe

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	6 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíon dearg aosaithe agus fíon *rosé* aosaithe

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	43,20
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— CABERNET SAUVIGNON

— MERLOT

— SYRAH

— TEMPRANILLO

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Tá an limistéar geografach le haghaidh ATFC 'Dehesa Peñalba' suite i mbardas Villabáñez (Valladolid). Is cuid leanúnach é de thalamh a chuimsíonn 91.4287 heicteár, a shainaithnítear leis na tagairtí seo a leanas de chuid an Chóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS):

Polagán 6: dáileachtaí talún 5121, 5122, 5123, 5124 agus 5125 agus plásán 3 de dháileacht talún 9003 (is leis an iarratasóir cainéil dáileachtaí talún 5121 (plásán 3), 5122 (plásán 1), 5123, 5124 agus 5125).

Ós rud é go bhfuil an LPIS faoi réir a nuashonruithe, tabhair do d'aire le do thoil gur tagairtí iad seo do leagan 2020.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

TOSCA NÁDÚRTHA

An limistéar geografach a shainítear i bpointe 1.6, tá a shaintréithe uathúla tír-raoin, ithreach agus aeráide féin ag baint leis. Tá na saintréithe sin aonfhoirmeach ar fud an limistéir agus, mar a mhíneofar thíos, déanann siad é a idirdhealú ó na limistéir máguaird. Is limistéar é ar a dtugtar 'pago' go traidisiúnta nó eastát fíonsaothrúcháin: píosa aonair talún gan bhriseadh, a úsáidtear go traidisiúnta chun fíniúnacha a fhás, a bhfuil a shaintréithe ithreach agus miocraeráide féin aige a idirdhealaíonn é ó na limistéir máguaird. De ghnáth, múnlaítear cineál uathúil 'pago' le gnéithe fisiceacha timpeall air – amhail aibhneacha, machairí, coillte, etc. – a chuidíonn leis na dálaí sonracha a chruthú sa limistéar críochaithe. Sa limistéar críochaithe seo, is amhlaidh atá an cás mar toradh ar na tosca seo a leanas:

1. Tá Abhainn Duero freagrach ar deireadh as topagrafaíocht chnocach an réigiúin, tar éis struchtúir éagsúla a fhoirmiú trí chreimeadh agus dríodrú, lena n-áirítear léibhinn má abhann – a mbíonn sil-ábhar (gaineamh agus gairbhéal den chuid is mó) go flúirseach iontu – agus bun an ghleanna. Mar thoradh air sin, is limistéar é an limistéar críochaithe ina bhfuil fána réidh tuaithe (lena ngabhann grádán leanúnach is lú ná 5 %) ina shuí ar bhun an ghleanna agus dhá mhachaire níos airde taobh leo (tá an limistéar críochaithe ag airde 720 m agus tá na machairí ag airde

800-840 m, ag claonadh 5-15 %) ar machairí iad a scarann an limistéar ó thuaidh agus ó dheas araon. Tá teorainn ag Abhainn Duero leis an limistéar ó thuaidh freisin. Tugtar Dehesa Peñalba fós ar an limistéar a shíneann níos faide ná an abhainn, ach de réir mar a éiríonn an fhána níos géire (ar na fánaí suas go dtí na machairí arda agus ar na machairí iad féin), níl an talamh oiriúnach a thuilleadh chun fíniúnacha a fhás. Sa deisceart tá teorainn aige le foraois phéine. Maidir leis an dá ghné sin: – maidir leis na machairí arda agus maidir leis an bhforaois phéine – bíonn éifeacht mhaolánaithe acu, rud a chosnaíonn an limistéar ar dhrochaimsir.

2. Tá an limistéar críochaithe suite ar léibheann talún a foirmíodh ó shil-leagain ghairbhéalacha abhann, agus sraith uachtair ghainmheach ann ar bhuncharraig aolchloiche marla. Tá an ithir suntasach mar gheall ar a púróga, a gairbhéal agus a meánchion gainimh 78 %, i gcomparáid leis na hithreacha nach bhfuil chomh gainmheach céanna (thart ar 60 %) a fhaightear sna limistéir san iarthar agus na hithreacha atá níos saibhre ó thaobh cré de ina bhfuil sil-leagain marla agus aolchloiche a fhaightear ar na machairí arda agus ar na fánaí a théann suas fad leo, áit a bhfuil an claonadh níos mó.

Mar thoradh air sin, tairgeann an limistéar críochaithe barrithir thirim ghainmheach ag a bhfuil airíonna scagtha: limistéar cré the ach lena ngabhann bun fionnuar agus cúltaiscí uisce sláintiúla. Níl mórán ábhair orgánaigh ná cothaitheach ann.

3. Ós rud é go ngníomhaíonn na heilimintí atá ann thart ar an limistéar mar a bheadh maolán ann, tá sé cosanta beagáinín ar dhálaí dochracha amhail teochtaí foircneacha, leibhéil ísle taise, gaotha géara, agus mar sin de. Mar thoradh air sin, tá a mhiocraeráid féin ag an limistéar, lena ngabhann teochtaí níos cineálta (12º C ar an meán in aghaidh na bliana, thart ar leathchéim níos teo ná an limistéar máguaird), go háirithe san earrach agus san fhómhar. Tá cumhdach maith gaoithe aige (aniar go dtí an t-oirthear) agus tá sé saor ó shioc ar feadh tréimhse níos faide ná sa limistéar máguaird (206 lá in aghaidh na bliana i gcomparáid le níos lú ná 200 lá).

Go hachomair, tá an limistéar críochaithe ar a dtugtar Dehesa Peñalba suite in abhantrach ar bhun an ghleanna, áit a bhfuil an talamh cothrom agus a bhfuil an talamh aonchineálach. Tá a threoshuíomh siar ó thuaidh/siar ó dheas idéalach le haghaidh fíonsaothrúcháin, agus is féidir tuairisc a thabhairt ar an ithir mar ithir the bhocht i bhfianaise an ardleibhéil gainimh agus eilimintí garbha (púróga agus gairbhéal) atá ann. Agus fágann an méid sin go bhfuil sé an-tréscaoilteach agus go bhfrithchaitheann sé go mór gathanna na gréine, agus é cosanta mar atá ag péire machairí aolchloiche marla ó thuaidh agus ó dheas, ar machairí iad a dhéanann é a sciathadh agus a imfhálú a bhuí leis an difríocht airde. Tá tionchar ag an bhforaois phéine a shíneann feadh a teorainneacha ó dheas agus thiar ar an limistéar críochaithe freisin agus, an tráth céanna, tá Abhainn an Duero feadh a imeall thuaidh agus thoir. Léiríonn anailís ar an timpeallacht fhisiceach go bhfuil an limistéar críochaithe ar a dtugtar Dehesa Peñalbagur ina láithreán atá sainithe go soiléir mar láithreán a bhfuil a dhálaí aonfhoirmeacha ithreach agus aeráide féin aige ar láithreán é a fhágann go bhfuil sé éagsúil lena thimpeallacht. Is amhlaidh atá mar thoradh ar phróisis foirmithe gheomoirfeolaíocha, liteolaíocha agus oragrafacha agus ar bhacainní nádúrtha a bheith ann, amhail abhainn, coillte, fánaí agus machairí arda.

TOSCA DAONNA

Mar thoradh ar an taithí atá faighte i bhfíonghoirt an limistéir chríochaithe le 18 mbliana anuas, tugadh isteach roinnt cineálacha fíniúna atá oiriúnach go háirithe don timpeallacht áitiúil, rud a fhágann go bhfuil fíonchaora ann ina bhfuil tiúchan ard polaifeanól – go háirithe i dtéarmaí antóiciaininí iomlána agus cion tainnine.

— Tempranillo: is é seo an cineál is tábhachtaí a fhástar i bhfíonghoirt ‘Dehesa Peñalba’. A bhuí le barra cumhdaigh ghlais sna sraitheanna agus in obair dhomhain ithreach timpeall na bhfíniúnacha, arna gcomhlánú le treilísiú mionchúiseach, tá sé i gcomhchuibheas foirfe leis an limistéar áitiúil.

— Syrah: is é seo an dara cineál is saintréithí. Mar gheall ar a thimthriall fáis níos faide, baineann sé leas as dálaí idéalacha sa réimse seo (e.g. earraigh agus fómhair bhreátha), rud a fhágann gur féidir a cháilíochtaí cineálacha a chur in iúl go hiomlán.

— Cabernet Sauvignon: mar is amhlaidh i gcás Syrah, cuireann an mhiocraeráid sa limistéar críochaithe ar chumas na bhfíonchaor seo a lánacmhainneacht a bhaint amach, cé go gcuireann sí teorainn lena táirgeacht ag an am céanna.

— Merlot: cé gur gnách go mbíonn an fhíonchaor seo thíos le huisce easnamhach sna limistéir máguaird, tairgeann an fho-ithir sa limistéar críochaithe cúltaiscí uisce leordhóthanacha chun go n-aibeoidh sí ar mhodh optamach cothromaithe.

Chun feabhas a chur ar na dálaí ina bhfástar agus ina n-aibíonn na cineálacha seo, is iad na teicnící fíonsaothraithe a chleachtar le linn thimthriall fáis na bhfíniúnacha na teicnící sin a thugann táirgeachtaí níos ísle in aghaidh an heicteáir de ghnáth, rud a fhágann go mbíonn cáilíocht níos airde amhábhair ann ag a bhfuil leibhéal comhsheasmhach aibíochta.

Úsáidtear cleachtais inbhuanaithe fíonsaothrúcháin, lena n-áirithítear an urraim is mó don timpeallacht. Tá na dáileachtaí fíonghoirt deimhnithe mar dháileachtaí talún orgánacha.

Tar éis an phróisis chúramaigh sin san fhíonghort, cuirtear cleachtais táirgthe chúramacha i bhfeidhm san fhíonlann. Is iad na céimeanna seo a leanas na cinn is tábhachtaí:

— I gcás fíon dearg agus fíon *rosé* araon, pioctar na fíonchaora de láimh, cuirtear i gcrátaí iad agus stóráiltear i bhfuaraitheoir ansin iad chun a dteocht a ísliú go dtí leibhéal idir 5 °C agus 10 °C. Sórtáiltear na fíonchaora de láimh ag an mbord roghnúcháin agus tógtar le crios iompair iad (ní úsáidtear caidéil) ionas nach mbeidh aon ocsaídiú ann sula sroichfidh siad na humair agus gur féidir maothú a dhéanamh sna dálaí is fearr.

— I gcás na bhfíonta dearga, déantar maothú le linn an choipthe, agus ina dhiaidh, ar feadh 21 lá ar a laghad.

— Roimh choipeadh malalachtach, aosaítear na fíonta ar an moirt, rud a fhágann go mbíonn micrea-ocsaiginiú sna fíonta dearga.

— I gcás na bhfíonta *rosé*, ní mór aosú a dhéanamh ar dhríodar ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad roimh choipeadh alcólach, mar aon le haosú ar an moirt tar éis coipeadh alcólach ar feadh 15 lá ar a laghad i gcás fíonta óga agus idir 60 agus 90 lá i gcás fíonta aosaithe.

CÁILÍOCHT AGUS SAINTRÉITHE AN FHÍONA

Is fíonta dearga iad fíonta ATFC 'Dehesa Peñalba' a bhfuil dath domhain marthanach orthu (ard-déine datha, tonúlacht scothghorm-dearg agus cobhsaíocht mhaith). Tá siad an-aramatach, agus tosaíocht torthaí dearga agus dubha aibí iontu, go háirithe agus iad óg. Tá struchtúr comhsheasmhach acu mar gheall ar a gcion cobhsaí ard polaifeanóil, lena ngabhann tainniní séimhe, fadmharthanacha. Is é a leanann as sin ná sin fíonta an-ghalánta atá idir meánach agus tathagach agus lán de bhlas ag a bhfuil iarbhlas fada acu.

Tá na fíonta *rosé* an-aramatach, agus tosaíocht torthaí dearga agus dubha aibí iontu. Nuair atá siad aosaithe, bíonn blasanna ag gabháil leis na dea-bholaithe sin ar blasanna iad a bhaineann go sonrach leis an aosú (blasanna fanaile agus/nó adhmaid agus/nó tóstáilte agus/nó caramalaithe agus/nó spíosracha). Sa bhéal, bíonn siad cothromaithe freisin, agus tathag idir meánach agus iomlán agus iarbhlas meánach go fada acu, mar aon le haigéadacht níos suntasaí.

Éiríonn an aonchineálacht mhór ó thaobh cáilíochta de, agus na bpríomh-shaintréithe atá ann, sa dá chineál fíona as na tosca nádúrtha céanna agus na cineálacha céanna a choinneáil ar bun agus as na cleachtais fíonóireachta is suntasaí a chomhroinnt.

NASC CÚISÍOCH

Áitíonn ATFC 'Dehesa Peñalba' stráice talún gan bhriseadh sa limistéar críochaithe a mhaíonn., mar a thuairiscítear thuas, go bhfuil a ithir aonfhoirmeach agus a shaintréithe miocraeráideacha féin a dhealaíonn ó limistéir eile sa chomharsanacht é. Mar gheall ar na dálaí nádúrtha sin, mar aon leis an rogha cineálacha, le cleachtais inbhuanaithe fíonghort agus le modh táirgthe cúramach, is féidir táirge (fíon) a fháil a bhfuil saintréithe sonracha aige i gcás fíon dearg agus fíon *rosé* araon. Tacaíonn na gnéithe seo a leanas leis an ráiteas sin:

1. Cuireann an ithir, a shainmhínítear mar thalamh bocht ach é te lena ngabhann ardleibhéal gainimh agus eilimintí garbha (púróga agus gairbhéal) a fhágann go bhfuil sí an-tréscaoilteach agus go bhfrithchaitheann sí gathanna na gréine, borradh faoi aibiú na bhfíonchaor agus cuireann sí feiniméin chun cinn amhail lí chraicinn, rud is cúis le fíonchaora ag a bhfuil cion polaifeanóil níos airde, go háirithe antóiciaininí agus tainniní.

2. Tá an limistéar críochaithe frámaithe ag bacainní nádúrtha: is limistéar comhréidh é a bhfuil treoshuíomh maith aige, atá cosanta ag dhá fhoirmíocht mhachaire níos airde agus ag foraois phéine, agus atá teorannaithe ó thuaidh ag Abhainn Duero. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis na fíonchaora aibíocht fhoirfe a bhaint amach, toisc go bhfaigheann siad méid níos mó ionradantais a fhrithchaitear ón talamh, agus go dtugtar cosaint do na fíniúnacha ar dhálaí foircneacha aimsire. Tá na dálaí níos cineálta ag dhá phríomh-am don timthriall fíniúna: earrach, nuair a tharlaíonn bláthú agus bunú toraidh; agus fómhar, nuair a bhíonn na fíonchaora ag céim dheiridh an phróisis aibithe. Ligeann sé sin don fhíniúin timthriall fáis níos faide a bheith aici. Tá an limistéar saor ó shioc ar feadh tréimhse níos faide – mar sin bíonn níos mó laethanta ag na fíniúnacha chun forbairt agus aibiú – agus bíonn meánteocht bhliantúil níos airde aige ná mar atá ag na limistéir máguaird. Tagann na nithe sin go léir chun aibiú níos cothromaithe a sholáthar, rud a chuireann borradh faoi fheiniméin amhail lí craicne fíonchaor dearg agus a tháirgeann fíonchaora ina bhfuil cion polaifeanóil níos airde, rud a thugann níos mó polaifeanól do na fíonta agus a fhadaíonn a saol a bhuí lena struchtúr méadaithe agus le tiúchan níos mó antóiciaininí agus tainniní iomlána.

3. Ciallaíonn an ithir the ghainmheach agus an aeráid níos séimhe (earraí agus fómhair níos cineálta) gur oiriúnaigh an cineál Tempranillo agus – go háirithe – na cineálacha neamhdhúchasacha a bhfuil timthriallta fáis níos faide acu (na cineálacha Francacha Cabernet Sauvignon, Merlot agus Syrah) go han-mhaith, rud a ligeann do na fíonchaora aibiú agus do na fíniúnacha a dtimthriall fáis a thabhairt chun críche ar mhodh níos cothromaithe agus níos cuimsithí, rud a chiallaíonn go bhfaightear comhpháirteanna áirithe (antóiciaininí agus dea-bholaithe iomlána) mar thiúchaintí níos mó ná mar a fhaightear sna fíonchaora a fhástar sa limistéar máguaird.

4. Mar gheall ar an rogha cineálacha, mar aon le cleachtais inbhuanaithe bainistithe fíonghort, is féidir amhábhar optamach a fháil lena ndéantar fíon dearg agus fíon *rosé* ATFC 'Dehesa Peñalba':

— Soláthraíonn Tempranillo struchtúr, dea-bholaithe torthaí dearga agus torthaí foraoise, agus doimhneacht mharthanach datha;

— Soláthraíonn Cabernet Sauvignon toirt, fad agus tainniní marthanacha, chomh maith le blasanna diana torthaí aibí agus spíosraithe;

— Tugann Merlot galántacht, tainniní an-séimh, torthaí dearga agus cothromaíocht mhaith idir aigéadacht agus pH;

— Soláthraíonn Syrah tainniní síodúla, torthaí dubha, agus leibhéil pH agus aigéadachta a sholáthraíonn méid maith úire.

Go hachomair, tugann na cineálacha Tempranillo agus Cabernet fíonta atá marthanach, a bhuí lena dtoirt, lena struchtúr agus lena bhfaide saoil agus, ag an am céanna tugann Syrah agus Merlot úire, aigéadacht, déine aramatach, galántacht agus fíneáltacht.

Is féidir saintréithe ar leith gach cineáil a fheiceáil sna fíonta *rosé* agus sna fíonta dearga.

5. Trí na fíonchaora a bhaint de láimh, a chur i gcrátaí agus stóráil i bhfuaraitheoir ansin chun a dteocht a ísliú go dtí leibhéal idir 5 °C agus 10 °C, cuirtear cosc ar ocsaídiú agus cosnaítear an dath (comhdhúile antaiciainine). Trí na fíonchaora a shórtáil de láimh ag an mbord roghnúcháin agus a thógáil le crios iompair (gan chaidéalú), ciallaíonn sé nach mbíonn aon ocsaídiú ann sula sroicheann siad na humair agus gur féidir maothú a bheith ann sna dálaí is fearr. Ciallaíonn sé sin go léir go dtosaíonn an maothú fuar agus na fíonchaora slán, rud a fheabhsaíonn acmhainneacht aramatach agus eastóscadh datha i gcás an dá chineál fíona

6. Tá an próiseas maothaithe a bhíonn ann le linn an choipthe, agus ina dhiaidh, fada go leor i gcás na bhfíonta dearga (21 lá ar a laghad) chun tiúchaintí níos airde comhdhúile datha a fháil (antóiciaininí agus tainniní), chun na dea-bholaithe saora a scaoileadh, agus chun fíonta níos struchtúrtha, agus níos marthanaí b'fhéidir, a thabhairt.

7. Trí aosú a dhéanamh ar an moirt roimh choipeadh malalachtach sna fíonta dearga – rud is cúis le micrea-ocsaiginiú – cuirtear eastóscadh méadaithe chun cinn agus fadaítear saolré na bhfíonta trí mhéadú a dhéanamh ar an líon comhdhúl feanólach, amhail tainniní agus antóiciaininí toisc go gcuireann sé foirmiú pireanantaiciaininí, antóiciaininí agus flavanól chun cinn, ar comhdhúile iad a bhfuil gá acu le haicéataildéad chun foirmiú ionas gur féidir aduchtanna daite eitil-droichid a chruthú (tá gá le hocsaigin le haghaidh foirmiú aicéataildéid). Dá bhrí sin, cuireann cleachtadh an mhicrea-ocsaiginithe roimh choipeadh malalachtach feabhas ar shaintréithe crómatacha agus ar chobhsaíocht datha na bhfíonta. Feabhsaítear an bhraistint sa bhéal freisin i dtéarmaí tathaig agus seirbhe de. Éifeacht dhearfach eile a bhaineann le micrea-ocsaiginiú is ea go gcuirtear feabhas ar dhea-bholadh fíona trí cháilíochtaí plandúla a laghdú. Le micrea-ocsaiginiú, is féidir comhdhúile amhail pioraisíní agus tióil, a ocsaídítear le hocsaigin, a laghdú.

8. I gcás fíonta *rosé*, fágann teagmháil leis an moirt agus/nó le dríodar gur féidir cion níos mó mannapróitéiní a choinneáil, san úrfhíon agus sa táirge deiridh araon. Mar thoradh air sin, bíonn cobhsaíocht níos fearr sna comhdhúile aigéadacha, rud a fhágann go mbíonn an blas níos úire.

Mar a míníodh cheana féin, léiríodh le tástáil go bhfuil tiúchaintí níos airde antóiciaininí sna fíonchaora a fhástar sa limistéar críochaithe, chomh maith le tiúchaintí níos airde i dtaca le comhdhéanamh tainnine. Aistrítear iad sin sa phróiseas fíonóireachta: ligeann maothú do na substaintí sin sileadh isteach san fhíon *rosé* agus san fhíon dearg, rud a thugann déine níos mó agus tonúlacht scothghorm-dhearg do na fíonta agus iad óg, agus bíonn saolré níos faide acu a bhuí le foirmiú dathán níos cobhsaí. Mar thoradh air sin, bíonn déine mhaith datha ag fíon dearg agus ag fíon *rosé* ATFC 'Dehesa Peñalba', agus blasanna torthaí aibí dearga agus/nó dubha ann de ghnáth. Bíonn siad idir meánach agus lántathagach, cruinn, aibí agus gabhann iarbhlas fada leo. De bhreis air sin, tá tiúchan ard líocha polaifeanólacha sna fíonta dearga, rud a thugann fíonta níos struchtúrtha, a bhfuil dath níos cobhsaí orthu agus, dá bhrí sin, is fíonta iad sin a choinníonn ar feadh tréimhse níos faide agus go bhfuil siad níos oiriúnaí lena n-aosú sa bhuidéal ná mar atá na fíonta a tháirgtear sa limistéar.

Níos sonraí fós, de réir taighde a rinne Grúpa na Fíoneolaíochta ag an Institiúid Réigiúnach um Thaighde Eolaíoch Feidhmeach (cuid de Réimse Teicneolaíochta Bia Ollscoil Castile-La Mancha), is féidir idirdhealú a dhéanamh idir fíonta dearga ATFC 'Dehesa Peñalba' agus fíonta a dhéantar sna limistéir thadhlacha a aosaítear ar feadh tréimhse chomhchosúil ama (fíonta ATFC 'Ribera del Duero' agus TGFC 'Castilla y León') go bunúsach toisc go bhfuil cainníochtaí níos mó antóiciaininí monaiméireacha ag an gcéad cheann a luaitear agus go bhfuil siad sin níos cobhsaí ó nádúr (agus tiúchan níos mó mailvidin-3-glúcóisíd agus cion níos mó de na hantóiciaininíní níos cobhsaí, amhail antóiciaininíní p-cúmairilithe agus antóiciaininí caifilithe).

Cé go bhfuil an limistéar geografach sainithe le haghaidh ATFC 'Dehesa Peñalba' laistigh den limistéar le haghaidh TGFC 'Castilla y León' agus go bhfuil sé gar do ATFC 'Ribera del Duero', agus cé go bhfuil saintréithe ginearálta an TGFC ag na fíonta, tá roinnt cáilíochtaí an-difriúil acu freisin agus roinnt saintréithe eile nach bhfuil le fáil i bhfíonta ATFC 'Ribera del Duero'.

Is mar a leanas atá comparáid idir ATFC 'Dehesa Peñalba', TGFC 'Castilla y León' agus ATFC 'Ribera del Duero':

Fíon dearg

Neart alcóil níos airde (% de réir toirte): TGFC Castilla y León (> 11,0); ATFC Ribera del Duero (> 11,5); 'Dehesa Peñalba' (> 12.5)

Níos lú kg in aghaidh an heicteáir: TGFC Castilla y León (16 000); ATFC Ribera del Duero (7 000); 'Dehesa Peñalba' (8 000 fíon dearg óg agus 6 000 fíon dearg aosaithe)

Aigéadacht luaineach níos airde (meq/l): TGFC Castilla y León (< 13,36); ATFC Ribera del Duero (< 8,33); 'Dehesa Peñalba' (< 20)

De réir taighde a rinne Ollscoil Castile-La Mancha, tiúchan níos mó antóiciaininí monaiméireacha (mg/l): ATFC Ribera del Duero (< 59); 'Dehesa Peñalba' (< 223)

Fíon *rosé*

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): TGFC Castilla y León (>=9); ATFC Ribera del Duero (> =11,0 i gcás na bhfíonta dearga); 'Dehesa Peñalba' (>=12,0)

Íostáirgeacht in aghaidh an heicteáir: TGFC Castilla y León (16 000 kg); ATFC Ribera del Duero (7 000 kg); 'Dehesa Peñalba' (6 000 kg – aosaithe nó 8 000 kg – óg)

Aigéadacht iomlán íosta níos airde: ATFC Ribera del Duero (>= 57,31 g d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir, > = 4,3 meq/l); 'Dehesa Peñalba' (>=66,64 g d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir, > = 5,0 meq/l)

Cé go bhfuil úinéirí eile ar chodanna den limistéar críochaithe (pláséin 1 agus 2 de dháileacht talún 5 121, agus plasán 3 de dháileacht talún 5 122), is í an t-aon fhíonlann amháin atá ann sa limistéar críochaithe faoi láthair a thíolaic an t-iarratas. Bheadh táirgeoirí eile in ann páirt a ghlacadh sa tionscadal amach anseo dá mba mhian leo.

Is suíomh é Dehesa Peñalba a bhfuil éileamh air le fada i measc daoine teidealta, easpag agus uaisle, ar daoine iad a d'aithin acmhainneacht na talún seo ar bhruacha Abhainn Duero ó na cianaoiseanna i leith. Is iomaí foinse scríofa agus bibleagrafach a fhianaíonn stair fhada bhaile Peñalba de Duero agus na gceantar atá laistigh dá theorainneacha, mar a fhianaíonn siad chomh maith saothrú fíniúnacha agus a chríoch tráchtála nó na hoibleagáidí atá dlite do na tiarnaí feodach i bhfoirm deachúna úrfhíona a fhaightear ón talamh sin.

Sa cheathrú haois déag, tiomsaíodh 'Libro Becerro de las Behetrías de Castilla' ['Mórleabhar Veillim Bhailte Saora na Caistíle'] le hordú ó Pedro I na Caistíle, inar liostaíodh na contaetha éagsúla agus na bailte saora a raibh Ríocht na Caistíle comhdhéanta díobh. Tá cuntais ann ar na bailte éagsúla a rialaíodh faoin gcóras 'saorbhailte' [behetría], ar a stádas dlíthiúil, ar theidlíocht eacnamaíoch an rí agus ar chearta na dtiarnaí. Maireann roinnt cóipeanna lámhscríbhinne, cé go bhfuil ceann de na cinn is sine ar fad ann sa tSeansailéireacht Ríoga in Valladolid.

Laistigh de thiarnas phrionsacht Valladolid (an 'Merindad del Infantado de Valladolid' nó, i Sean-Spáinnis, an 'Merindat del infantazgo de vallit'), tá Villabáñez ('Villa hanes') agus Peñalba ('Peñalva'), araon, chun tosaigh ann.

‘In 1751, tháinig baile Villabáñez faoi réim trí dhlínse laistigh de cheantar riaracháin Portillo i gCúige Mhaidrid. Ba iad seo a leanas na trí dhlínse lenar bhain sé: Cabildo [“Comhairle”] ardeaglais Valladolid, Banmharcas Camarasa agus Marcas Revilla, an dá áit sin gar do Valladolid. An tráth sin, bhí 11 423 dháileacht talún nó “obradas” [seantomhas talmhaíochta] i mbardas Villabáñez, a raibh 600 díobh ina bhfíonghoirt, arbh é a méid 1 200 “aranzadas” [seantomhas talmhaíochta eile]...’

‘Bhí bardas Peñalba de Duero comhdhéanta de 1 923 phlásán nó “obradas”; ar páirceanna neamhuiscithe iad 560 ceann díobh, ar móinéir iad 6 cinn díobh (4 cinn díobh ina gcoimín), ar leapacha plandála iad 7 gcinn díobh (coimín), ar talamh sléibhe é 500 ceann díobh agus dair agus dair thoilm (coimín) ann, ar fíonghort 650 díobh in Dehesa de Peñalba la Verde [“An Glas”]...’

Cé go n-úsáidtear roinnt ainmneacha éagsúla sna doiciméid stairiúla – ‘Dehesa’, ‘La Dehesa’, ‘Dehesa de Peñalba’ agus ‘Peñalba La Verde’ – tagraíonn siad go léir don áit chéanna, ar a dtugtar Dehesa Peñalba le 30 bliain anuas. Léiríonn sé sin freisin, gur logainm é an téarma ‘Dehesa’ sa chomhthéacs sin agus nach bhfuil aon bhaint aige le beostoc (tagraíonn an focal Spáinnise dehesa do chineál traidisiúnta tógála beostoic ar dhrochthalamh nó ar thalamh neamhthalmhaíochta).

In 1995, rinneadh an cinneadh an saothrú a atosú, agus plandaíodh rogha cineálacha fíniúna ag a bhfuil timthriall fáis idir meánach agus fada, agus tógadh fíonlann lena ngabhann an teicneolaíocht fíonóireachta is déanaí dá bhfuil ann. Fágann sé sin gur féidir leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na fíonchaoire agus í a chlaochlú ina fíonta a bhfuil iomrá idirnáisiúnta orthu.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní mór bliain na buainte a lua ar lipéid na bhfíonta faoi chosaint. Féadfaidh fíonta ATFC ‘Dehesa Peñalba’ an téarma ‘roble’ (‘dair’) a úsáid ar an lipéad, ar choinníoll go gcomhlíonann siad an reachtaíocht reatha is infheidhme. Féadfaidh fíonta ATFC ‘Dehesa Peñalba’ úsáid a bhaint as na téarmaí traidisiúnta ‘Crianza’, ‘Reserva’ agus ‘Gran Reserva’ ar an lipéad, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na téarmaí úsáide a leagtar amach sa reachtaíocht reatha is infheidhme.

Tagairt leictreonach (URL) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.itacyl.es/documents/20143/342640/Pliego+de+condiciones+Dehesa+Pe%C3%B1alba+rev.2.1.pdf/4eb7aab8-4c44-dac7-8a84-64cfa265f6fd?t=1787124836988